# Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile

**Teimpléad aighneachta scríofa d'eagraíochtaí, do ghrúpaí agus do dhaoine aonair ar mian leo freagra a thabhairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile***

Cuirtear an teimpléad seo ar fáil mar chabhair duit (agus dod' chomhghleacaithe/eagraíocht) chun aighneacht scríofa a chur le chéile mar fhreagairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Le do thoil, seol do fhreagairt chomhlíonta chuig PCRRsubmissions@ncca.ie

***Sonraí aonair***

| | |
|---|---|
| **Ainm** | Réamonn Ó Ciaráin |
| **Dáta** | 16.12.20 |
| **Ríomhphost** | |

***Sonraí na heagraíochta***

| | |
|---|---|
| **Ainm** | Réamonn Ó Ciaráin |
| **Post** | Stiúrthóir |
| **Eagraíocht** | Gael Linn |
| **Dáta** | 16.12.20 |
| **Ríomhphost** | |

**Foilseoidh an CNCM na haighneachtaí scríofa a chuirtear chucu le linn an chomhairliúcháin. Beidh ainm an duine / an údair / na heagraíochta luaite san aighneacht. An dtoileann tú an aighneacht seo a bheith foilsithe ar líne?**

**Toilím** [x] **Ní thoilím** [ ]

**Tabhair roinnt eolas cúlra faoi d'eagraíocht (más cuí)**

**Gael Linn**
**www.gael-linn.ie**
Is í príomhaidhm Gael Linn ná an Ghaeilge agus a hoidhreacht a chothú agus a chur chun cinn ar fud na hÉireann i réimsí polasaí agus pobail, mar theanga bheo agus mar spreagadh féiniúlachta. Cuimsíonn gníomhchlár Gael Linn trí phríomhréimse; an réimse oideachais, gníomhaíochtaí chun tacú le húsáid na Gaeilge agus réimse gnó na heagraíochta. Tá Gael Linn ar cheann de na sé cheanneagraíocht atá aitheanta ag Foras na Gaeilge san earnáil dheonach. Sa chomhthéacs sin, is iad na mór-réimsí oibre ná:

i) Oideachas in Earnáil an Bhéarla
ii) Oideachas d'Aosaigh, agus
iii) Deiseanna Úsáide do Dhaltaí Scoile.

De thairbhe Gael Linn a bheith ag plé polasaithe i leith na Gaeilge sa chóras Oideachais in Earnáil an Bhéarla mar cheanneagraíocht, beidh an aighneacht seo ag díriú go príomha ar cheist na Gaeilge. Tá taighde déanta againn ar an ábhar seo agus eolas úsáideach breise ar fáil sa tuairisc chuimsitheach atá ullmhaithe ag Gael Linn *An Ghaeilge sa chóras oideachais i bPoblacht na hÉireann* (2017) https://www.gael-linn.ie/uploads/documents/Tuairisc_ar_an_Ghaeilge_sa_Chóras_Oideachais_i_bPnahÉ_Samhain_2017.pdf

Cuimsíonn an chuid eile den teimpléad dhá roinn. Iarrtar ort i Roinn 1 do thuairimí ginearálta agus do mheas a thabhairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.* Is é struchtúr Roinn 2 ná na sé príomhtheachtaireachtaí a bhaineann leis an dréachtchreat. Déantar achoimre ar gach teachtaireacht mar thaca leis an obair ar an bhfreagairt.

# Roinn 1

**Tabhair cuntas ginearálta, le do thoil, ar do fhreagairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.***

**Príomhinniúlachtaí**

**Creideann Gael Linn gur chóir go mbeadh an méid céanna ama ar fáil do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge i Bunscoileanna Béarla na tíre – níor chóir an méid ama a ísliú. Ba chóir gníomhú go straitéiseach le teagasc na Gaeilge a fheabhsú in achan scoil agus an tacaíocht chuí a chur ar fáil do mhúinteoirí na tíre.**

- Sna príomhinniúlachtaí luitear 'CUMARSÁID A DHÉANAMH AGUS TEANGA A ÚSÁID' - is fearr an téarma 'A BHEITH DHÁTHEANGACH'. Níor chóir do phríomhinniúlacht a bheith ró-ghinearálta. Ba chóir na príomhinniúlachtaí a bheith intomhaiste. Ba chóir fís na Roinne maidir leis an Ghaeilge, teanga náisiúnta na tíre, a léiriú go soiléir rud nach bhfuil amhlaidh sa dréachtchreat curaclaim seo faraor.

- **Líon uaireanta do mhúineadh na Gaeilge agus do mhúineadh an Bhéarla**
  Ba chóir rogha a bheith ann sa líon uaireanta a mholtar sna cáipéisí chomhairliúcháin d'fhoghlaim na Gaeilge agus an Bhéarla leis an status quo a choinneáil. De thairbhe na bhfadhbanna a bhaineann leis na roghanna luaite sa cháipéis chomhairliúcháin (Rogha 1, 2 & 3 – Teanga 1 & 2), b'fhearr an status quo go dtí go bhfuil réiteach ar na fadhbanna a aithníonn an cháipéis chomhairliúcháin seo í féin mar shampla; 'D'fheadfadh seo ligean do scoileanna áirithe gan aon bhéim a chur ar mhúineadh na Gaeilge in aon chor agus an-dochair a dhéanamh do mhúineadh na Gaeilge' (Nótaí ar Rogha 1).

- Laghdaíodh an méid ama a chaitear ar mhúineadh na Gaeilge i 1980. Ba chóir taighde a bheith ar fáil ag an stát ar na himpleachtaí a bhí aige seo ar chumas na ndaltaí sa Ghaeilge roimh 1980 agus i ndiaidh 1980 le níos lú ama caite ag daltaí ag foghlaim na Gaeilge sa churaclam. Ba chóir aon leasú a mholtar a bheith bunaithe ar an taighde seo.

- Ba chóir níos mó béime a bheith ar an cheist faoin líon uaireanta (méid ama caite ar an ábhar) i suirbhé an tuiste agus i suirbhé an mhúinteora. Má tá aon athrú le teacht ar an líon uaireanta mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin seo ba chóir go mbeadh an aird cheart ar an cheist thábhachtach sin.

**Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge**

- Ba chóir tagairt/nasc sásúil a bheith déanta sa phróiseas seo leis an bpolasaí oideachais Gaeltachta. Ba chóir an aird cheart a bheith tugtha do riachtanais na scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna sa cháipéis chomhairliúcháin seo.

- Ba chóir go dtógfar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge san áireamh maidir leis an cheist faoi líon uaireanta molta do mhúineadh T1 agus T2 sa phróiseas chomhairliúcháin seo. Tá cúinsí faoi leith ag baint leis na scoileanna seo agus ba chóir go

mbeadh na cúinsí faoi leith seo a bheith aitheanta sa phróiseas seo agus cros-tagairt a bheith déanta don Pholasaí Oideachais Gaeltachta.

**Tríú teanga:**

- Deirtear sa cháipéis chomhairliúcháin: *'Díreoidh an curaclam athfhorbartha ar na cuspóirí seo: Réiteach a fháil ar ró-ualach curaclaim sa bhunscoil'*. Ní féidir é seo a chur i bhfeidhm agus an tríú teanga atá molta don churaclaim sa bhunscoil ó rang a 3 ar aghaidh a theagasc fosta – is cóir soláthar níos éifeachtaí a chinntiú don dara teanga ar dtús; an Ghaeilge i gcás an chuid is mó de bhunscoileanna an stáit.

- Léiríonn taighde nach bhfuil páistí ag baint amach inniúlacht shásúil sa Ghaeilge i líon ard scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla faoi láthair. Tá réiteach le haimsiú ar an fhadhb fhorleathan sula dtabharfar an tríú teanga isteach sa churaclam.
- Is cóir an cumas teanga atá le baint amach ag daltaí a bheith ceangailte le scála aitheanta idirnáisiúnta .i. Fráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha.

- Má tá an tríú teanga le bheith tugtha isteach anuas ar an Ghaeilge/Bhéarla, beidh cuid den churaclam reatha le laghdú nó le bheith gearrtha siar. Is cóir léiriú sa phróiseas seo cén mhodheolaíocht taighde atá déanta ar a bhfuil na hathruithe atá molta bunaithe agus é sin a bheith déanta go soiléir.

- Tá céatadán ard daoine ar son an 3ú teanga ach caithfear aithint nach bhfuil an t-am aitheanta lena teagasc i moltaí an chomhairliúcháin seo. Is fiú staidéir féidearthachta a dhéanamh ar chúrsa feasachta teanga a thabhairt isteach sa churaclaim sula dtabharfar an tríú teanga isteach sa churaclam le cinntiú go mbeidh tuiscint ag na daltaí ar ann fáth a bhfuil siad ag foghlaim na Gaeilge agus an Bhéarla agus eolas acu ar bhuntáistí ginearálta a bhaineann le teangacha eile a fhoghlaim. Leis an bhlaiseadh seo ar theangacha eile, d'fheadfadh daltaí a bheith níos toilteanaí teanga eile a fhoghlaim ar an dara leibhéal nó lasmuigh den am scoile.

- Leis an dara (agus leis an tríú teanga) a theagasc tá sé rí-thábhachtach go mbeidh an oiliúint cheart ar mhúinteoirí ar fud na tíre agus sa Ghaeltacht fosta. Beidh cúrsaí oiriúnacha de dhíth sna coláistí oiliúna agus tréimhse staidéir i gceantar na sprioctheanga.

- Is féidir teagascóir neamhspleách a thabhairt isteach tar éis am scoile leis an tríú teanga a mhúineadh do na daltaí a bhfuil spéis acu ann mar atá á dhéanamh i roinnt mhaith scoileanna faoi láthair, ach go mbeadh an Roinn Oideachais agus Scileanna ag íoc as an teagascóir briese seo i ngach scoil.

**Gluaiseacht idir na leibhéil éagsúla sa chóras oideachais**

- Is féidir teagasc/foghlaim na Gaeilge a bhunú ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha mar mhodh measúnaithe leis an bhfoghlaim sa bhunscoil a cheangal leis leis an réamhscoil/iarbhunscoil. Tá aistriú agus leanúnachas mar chroí-phrionsabal sa dréacht-chreat seo atá molta. Ba chóir go mbeadh gach cuid den Ghaeilge sa chóras oideachais ceangailte le chéile i bpolasaí amháin, polasaí atá luaite sa chlár reatha Rialtais.
- Tá deis 'Teagaisc agus Foghlaim' agus 'Measúnú' a bheith bunaithe ar an Fhráma Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha sna bunscoileanna do mhúineadh na Gaeilge.

- Ba chóir go mbeadh aon athrú ar mhúineadh na Gaeilge ceangailte le Polasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an 3ú Leibhéal mar atá luaite sa chlár Reatha Rialtais.

**Eile**

- D'fhéadfaí an Ghaeilge a úsáid leis na príomhinniúlachtaí luaite ar leathanach 7 a láidriú.

- Níl tagairt ar bith ann don chur chuige le ROS/taighde NCSE/Díolúintí srl. Tá an comhthéacs reatha an-tábhachtach ar fad.

- Tá polasaí cuimsitheach riachtanach do mhúineadh na Gaeilge ó naíolann go dtí an tríú leibhéal. Is gá ardchaighdeán Gaeilge a chinntiú ag gach leibhéal leis an eispéireas oideachais is fearr a thabhairt do dhaltaí maidir leis an Ghaeilge.

- Cé go bhfuil an-bhéim ar STEM faoi láthair tá sé tábhachtach nach ndéanfar neamhaird ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim teangacha sa churaclam mar gheall ar na buntáistí breise oideachais a bhaineann leo agus mar gheall ar na deiseanna fostaíochta a chruthófar dá mbarr. Is féidir cur chuige 'STEAM' (Science Technology Engineering Arts and Maths) nó 'STEML' (Science Technology Engineering Maths and Languages) a úsáid le seo a chur chun cinn .i. tábhacht na dteangacha a chur san áireamh ag gach leibhéal.

- Tá freastal ar shainriachtanais oideachais i nGaelscoileanna an-tábhachtach. Is gá cinntiú go bhfuil na háiseanna agus an tacaíocht chuí ar fáil ag gach pointe sa chóras le freastal sásúil a dhéanamh ar riachtanais dalta a bhfuil sainriachtanais orthu in earnáil na Gaelscolaíochta.

- Creideann 72% den daonra i bPoblacht na hÉireann gur chóir go mbeadh Gaeloideachas ar fáil dóibh siúd ar mhaith leo é. Ba chóir go mbeadh an rogha seo ar fáil do thuismitheoirí cibé áit ina bhfuil siad sa tír agus pleanáil a dhéanamh ar scoileanna nua / nó aistriú pátrúin dá réir.

- Bhí Scéim Phíolóta Pháirt-tumoideachais ar bun ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le bliain nó dhó anuas agus cuireadh in iúl go raibh an scéim ar siúl i seacht scoil. Ba chóir na céad chéimeanna eile maidir leis an scéim seo a chur i bhfeidhm. Is iomaí buntáiste a bheadh ag baint le scéim mar seo agus ba chóir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an scéim seo go luath agus spriocanna intomhaiste a leagan amach don scéim agus líon na scoileanna atá páirteach inti a mhéadú go mór go dtí go mbeidh gach scoil páirteach i ndiaidh chúig bliana.

- Is gá sainchúrsaí inseirbhíse sa Ghaeltacht a chur ar fáil do mhúinteoirí reatha leis an chaighdeán a ardú sna scoileanna agus le cuidiú leis an pháirt-tumoideachas a chur i bhfeidhm i mbunscoileanna.

- Ba chóir cinntiú go mbeidh an Ghaeilge tógtha san áireamh in aon fhorbairt atá beartaithe maidir le córais ríomhaireachta agus teicneolaíocht an eolais.

# Roinn 2

### Gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Gur le gach páiste é.
- Go n-aithneoidh sé gairmiúlacht agus gníomhú mhúinteoirí agus phríomhoidí agus iad ag cur an curaclam i bhfeidhm i gcomhthéacs a scoile féin.
- Go gcuirfidh sé breis solúbthachta ar fáil do scoileanna maidir le pleanáil agus socruithe amchláir chun deiseanna agus tosaíochtaí a aithint agus freagairt dóibhsan.
- Go ndéanfaidh sé naisc idir chomhthéacsanna éagsúla sa chóras oideachais.
- Go gcuirfidh sé breis deiseanna ar fáil le haghaidh solúbthacht agus rogha i bhfoghlaim páistí.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna. Tabhair, le do thoil, do aiseooas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht seo.**

- Tá sé den tábhacht nach ndéanfar aon dochair do dheiseanna a bheidh ag daltaí an Ghaeilge a fhoghlaim amach anseo nuair a thabharfar aon athrú isteach sa Churaclam náisiúnta Bunscoile m.sh. méid ama a chuirfear ar fáil do mhúineadh teangacha. D'fheadfadh scoil socrú a dhéanamh an méid ama do mhúineadh na Gaeilge a laghdú go suntasach le teanga eile a theagasc agus dochair a dhéanamh d'fhoghlaim na Gaeilge dá bharr sin. Níor chóir an méid ama atá ar fáil do theagasc na Gaeilge a laghdú. Is cóir, áfach, caighdeán múinte na Gaeilge a fheabhsú.
- Ba chóir go mbeadh aon athrú ar mhúineadh na Gaeilge ceangailte le Polasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an 3ú Leibhéal mar atá luaite sa chlár Reatha Rialtais.

### Naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go leagfaidh sé amach fís soiléir d'fhoghlaim páistí thar ocht mbliana den bhunscoil.

- Go ndéanfaidh sé naisc le heispéiris foghlama a sholáthraítear trí théamaí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus go ndéanfaidh sé ceangal leis na hábhair, príomhscileanna agus ráitis foghlama sa *Chreat don tSraith Shóisearach*
- Go dtacóidh sé le haistrithe oideachasúla trí naisc a dhéanamh lena bhfoghlaimíonn páistí agus a modhanna foghlama sa bhaile, sa réamhscoil agus san iarbhunscoil

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

ï Ba chóir an Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha a úsáid mar mhodh measúnaithe don Ghaeilge leis an fhoghlaim sa bhunscoil a cheangal leis an réamhscoil agus leis an iarbhunscoil.

ï Ba chóir go mbeadh aon athrú ar mhúineadh na Gaeilge ceangailte le Polasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an 3ú Leibhéal mar atá luaite sa chlár Reatha Rialtais.

## Tosaíochtaí foghlama do pháistí ag teacht chun cinn

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go neadóidh sé seacht bpríomhinniúlachtaí trasna torthaí foghlama páistí ó Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.
- Go ndíreoidh sé ar scileanna agus eolas páistí a fhorbairt mar aon le méin, luachanna agus dearcthaí. Is leathan iad na Torthaí Foghlama agus na Príomhinniúlachtaí chun cur síos ar an tuiscint níos leithne seo ar an bhfoghlaim.
- Go dtreiseoidh sé an bhéim ar réimsí atá ann cheana amhail Corpoideachas agus OSPS (Folláine) agus foghlaim dhigiteach, agus molann réimsí nua amhail Teangacha Iasachta Nua-aimseartha, Teicneolaíocht, Oideachas faoi Reiligiúin agus Chreidimh (ORC) agus Eitic, mar aon le hOideachas Ealaíon níos leithne.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith tosaíochtaí foghlama do pháistí ag teacht chun cinn. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

ï Sna príomhinniúlachtaí, ní leor 'CUMARSÁID A DHÉANAMH AGUS TEANGA A ÚSÁID' - is fearr 'cumarsáid éifeachtach' a bheith luaite nó na daltaí 'A BHEITH DÁTHEANGACH' nó leibhéal oiriúnach ar an Fhráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha a bheith bainte amach do T1 agus T2. Tá an phríomhinniúlacht atá luaite sa cháipéis chomhairliúcháin seo ró-ghinearálta agus ró-dheacair a thomhas mar atá sé faoi láthair.

- Is léir ón taighde le blianta anuas nach bhfuil páistí ag baint amach leibhéal ard go leor inniúlachta sa Ghaeilge i roinnt mhaith scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla faoi láthair. Tá an fhadhb seo le sárú sula dtabharfar an tríú teanga isteach sa churaclam.
- D'fhéadfaí an Ghaeilge a úsáid leis na príomhinniúlachtaí a láidriú i ngach inniúlacht atá luaite sa chaipéis ar a bhfuil an comhairliúchán seo bunaithe.

**Struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú**

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim Bunscoile:*

- Go mbeidh sé leathan agus cothrom ina aidhmeanna agus ábhar.
- Go mbeidh sé leagtha amach i gcúig réimse leathan curaclaim:
  - Teanga
  - Oideachas Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta
  - Folláine
  - Oideachas Sóisialta is Imshaoil
  - Oideachas Ealaíon

(Ag teacht leis na cúig réimse thuas, déanann pátrún scoile Clár Pátrúin a fhorbairt chun cur le forbairt iomlán an pháiste, agus dearcadh reiligiúnach agus/nó eiticiúil ar leith á cur san áireamh. Mar thoradh ar an bpróiseas seo, bíonn an clár mar bhonn agus taca do shainspiorad na scoile. Tá na réimsí seo nasctha le téamaí Aistear agus le saothar in ábhair sa tSraith Shóisearach.)

- Go soláthróidh sé eispéireas foghlama comhtháite, bunaithe ar réimsí curaclaim i gCéimeanna 1 agus 2 (Naíonáin Shóisearacha – Rang 2) agus bunaithe ar ábhair i gCéimeanna 3 agus 4 (Rang 3 – Rang 6).
- Go n-úsáidfidh sé torthaí foghlama leathana chun cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbeifí ag súil leis i bpáistí.
- Go gcuimseoidh sé an Curaclam Teanga Bunscoile nua.
- Go mbeidh ábhair tacaíochta agus eiseamláirí d'fhoghlaim páistí ar fáil leis.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

- B’fhearr an líon uaireanta reatha a choinneáil do mhúineadh na Gaeilge. Tá fadhbanna agus impleachtaí a bhaineann leis na 3 rogha sa cháipéis chomhairliúcháin seo – go dtí go bhfuil na fadhbanna a bhaineann leis na roghanna (1,2 & 3) atá luaite sa cháipéis chomhairliúcháin seo réitithe, is cóir líon na n-uaireanta atá leagtha síos do theagasc na Gaeilge a fhágáil mar atá.
- Laghdaíodh an méid ama a chaitear ar mhúineadh na Gaeilge i 1980. Mar a moladh sa fhreagra i Roinn 1, ba chóir taighde a bheith ar fáil ag an stát ar na himpleachtaí a bhí aige seo ar chumas na ndaltaí sa Ghaeilge roimh 1980 agus i ndiaidh 1980 le níos lú ama caite ag daltaí ag foghlaim na Gaeilge sa churaclam. Ba chóir aon leasú a mholtar a bheith bunaithe ar an taighde seo.
- Is cóir scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a bheith san áireamh maidir le líon uaireanta molta do mhúineadh T1 agus T2 sa phróiseas chomhairliúcháin seo. Is cóir taighde a dhéanamh a léiríonn an dea-chleachtais idirnáisiúnta is éifeachtaí.
- Deirtear sa cháipéis chomhairliúchán: *‘Díreoidh an curaclam athfhorbartha ar na cuspóirí seo: Réiteach a fháil ar ró-ualach curaclaim sa bhunscoil’*. Ní féidir é seo a bhaint amach nuair atá an tríú teanga molta don churaclaim sa bhunscoil ó rang a 3 ar aghaidh .i. ábhar breise a chur ar an churaclam.
- Is léir ón taighde le blianta anuas nach bhfuil páistí ag baint amach leibhéal ard go leor inniúlachta sa Ghaeilge i roinnt mhaith scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla faoi láthair. Tá an fhadhb seo le sárú sula dtabharfar an tríú teanga isteach sa churaclam.
- Is cóir an cumas teanga atá le baint amach ag daltaí a bheith ceangailte le ar scála aitheanta idirnáisiúnta .i. Fráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha. Is cóir modheolaíocht a bheith bunaithe ar thaighde a léiríonn torthaí dearfacha go hidirnáisiúnta agus atá oiriúnach don tír seo fosta sula ndéanfaí athruithe sa churaclam náisiúnta.
- Cé go bhfuil muid ar son an 3ú teanga a bheith á teagasc ní léir ón cháipéis chomhairliúcháin seo cá bhfaighidh na múinteoirí an t-am í a theagasc mar atá molta sa chomhairliúchán. Is fiú staidéir féidearthachta a dhéanamh ar chúrsa feasachta teanga a thabhairt isteach sa churaclam roimh an tríú teanga a thosú le cinntiú go mbeidh tuiscint ag na daltaí ar an fháth a bhfuil siad ag foghlaim na Gaeilge agus an Bhéarla agus eolas a bheith acu ar bhuntáistí ginearálta a bhaineann le teangacha eile a fhoghlaim. Leis an bhlaiseadh seo ar theangacha eile, d’fheadfadh daltaí a bheith níos toilteanaí teanga eile a fhoghlaim ar an dara leibhéal nó lasmuigh den am scoile.
- Beidh cáilíocht chuí de dhíth ar mhúinteoirí ag múineadh an tríú teanga. Is léir nach bhfuil é seo ag múinteoirí go leor atá ag teagasc an dara teanga .i. An Ghaeilge.
- Is féidir teagascóir neamhspleách a thabhairt isteach tar éis am scoile leis an tríú teanga a mhúineadh do na daltaí go bhfuil spéis acu ann mar atá ag tarlú i roinnt mhaith scoileanna faoi láthair ach go mbeadh an teagascóir íoctha ag Roinn Oideachais agus Scileanna.

**Ag tacú le raon modhanna agus straitéisí teagaisc le measúnú atá lárnach san teagasc agus foghlaim**

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go gcuirfidh sé teagasc, foghlaim agus measúnú den chéad scoth chun cinn.
- Go mbeidh an tuiscint ann ar mheasúnú mar ghné riachtanach, ríthábhachtach den teagasc agus den bhfoghlaim.
- Go n-aibhseoidh sé tábhacht bhreithiúnas ghairmiúil mhúinteoirí agus iad ag tacú le dul chun cinn i bhfoghlaim páistí.
- Go spreagfaidh sé múinteoirí chun naisc shuntasacha a dhéanamh le hábhair suime páistí mar aon lena n-eispéiris.
- Go n-aithneoidh sé an tábhacht a bhaineann le gaolta d'ardchaighdeán agus an tionchar a bhíonn acu ar fhoghlaim páistí.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith tacú le raon modhanna agus straitéisí teagaisc le measúnú atá lárnach san teagasc agus foghlaim. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

- Tá deis sa rannóg 'Teagaisc agus Foghlaim' sa rannóg 'Measúnú' an Fráma Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha a úsáid sna bunscoileanna i gcomhthéacs múinte na Gaeilge.

- Ón aiseolas atá faighte againn ó mhúinteoirí, ní dóigh leo gur féidir an líon ama reatha do mhúineadh na Gaeilge a laghdú agus a ceart a thabhairt don teanga náisiúnta.

- Deirtear sa cháipéis faoin gcomhairliúchán: *'Díreoidh an curaclam athfhorbartha ar na cuspóirí seo: Réiteach a fháil ar ró-ualach curaclaim sa bhunscoil'*. Ní féidir é seo a bhaint amach nuair atá an tríú teanga molta don churaclaim sa bhunscoil ó rang a 3 ar aghaidh .i. ábhar breise a chur ar an churaclam.

- Is léir ón taighde le blianta anuas nach bhfuil páistí ag baint amach leibhéal ard go leor inniúlachta sa Ghaeilge i roinnt mhaith scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla faoi láthair. Tá an fhadhb seo le sárú sula dtabharfar an tríú teanga isteach sa churaclam.

- Is cóir an cumas teanga atá le baint amach ag daltaí a bheith ceangailte le scála aitheanta idirnáisiúnta .i. Fráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha. Is cóir modheolaíocht a bheith bunaithe ar thaighde a léiríonn torthaí dearfacha go hidirnáisiúnta agus atá oiriúnach don tír seo fosta sula ndéanfar athruithe sa churaclam náisiúnta.

**Ag cur le buanna agus láidreachtaí churaclam 1999**

*Chuir curaclam 1999 le roinnt mhaith buanna, iad seo a leanas san áireamh:*

- Mhéadaigh sé ar úsáid mhodheolaíochtaí gníomhacha san teagasc agus san fhoghlaim.
- Rinné sé foghlaim páistí níos taitneamhaí.
- Tháinig feabhas ar leibhéil ghnóthachtála sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht, de réir mheasúnú náisiúnta agus idirnáisiúnta.

*Díreoidh an curaclam athfhorbartha ar na cuspóirí seo:*

- Réiteach a fháil ar ró-ualach curaclaim sa bhunscoil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí, ar thionscnaimh agus ar chláracha, agus tosaíochtaí foghlama do pháistí a shoiléiriú.
- Nasc a dhéanamh le *Aistear: an Creatchuraclam Luath-Óige* agus *Creat don tSraith Shóisearach.*

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith na buanna agus láidreachtaí churaclam 1999, agus lena chois, ag aithint agus ag freagairt do dushláin, riachtanais agus tosaíochtaí. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

- Ba chóir go mbeadh aon athrú ar mhúineadh na Gaeilge sa bhunscoil a bheith ceangailte le Polasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón réamhscoil go dtí an 3ú Leibhéal mar atá luaite sa chlár reatha Rialtais.

- Is cóir modheolaíocht a bheith bunaithe ar thaighde a léiríonn torthaí dearfacha go hidirnáisiúnta agus atá oiriúnach don tír seo fosta sula ndéanfar athruithe sa churaclam náisiúnta.

- Is léir ón taighde le blianta anuas nach bhfuil páistí ag baint amach leibhéal ard go leor inniúlachta sa Ghaeilge i roinnt mhaith scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla faoi láthair. Tá an fhadhb seo le sárú sula dtabharfar an tríú teanga isteach sa churaclam. Ní féidir ró-ualach curaclaim sa bhunscoil a leigheas leis an tríú teanga sa bhunscoil ó rang a 3 ar aghaidh .i. ábhar breise a chur ar an churaclam.

    - **Creideann Gael Linn gur chóir go mbeadh an méid céanna ama ar fáil do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge i mBunscoileanna Béarla na tíre – níor chóir an méid ama a ísliú.  Ba chóir gníomhú go straitéiseach le teagasc na Gaeilge a fheabhsú in achan scoil agus an tacaíocht chuí a chur ar fáil do mhúinteoirí na tíre.**

**Ráiteas Príobháideachais**

Tá lánmheas ag an CNCM ar do cheart chun príobháideachta. Aon fháisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil don CNCM, cosnófar é le sárchaighdeáin slándála agus rúndachta, go beacht de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Má tá tuilleadh eolas uait maidir le cosaint sonraí, cliceáil anseo https://www.ncca.ie/ga/ráiteas-príobháideachais , nó is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Chosaint Sonraí na CNCM ag dpo@ncca.ie

**Go raibh maith agat.**